www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2

**[AH221]**

AH221

**DÉ MÁIRT 31 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cén rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a léirmhíníodh an t-am atá thart agus ar cad é mar a léiríodh é ar dhóigheanna difriúla.

www.xtrapapers.com

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

## Roinn A Fiosrú Stairiúil: measúnú agus anailís foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Cur in Éadan an Rialtais Dúchais**

**Foinse 1**

Sliocht as óráid le Andrew Bonar Law, ceannaire an Pháirtí Choimeádaigh ag Pálás Blenheim, 27 Iúil 1912. Tá sé ag caint faoi fhreagairt an Pháirtí Choimeádaigh don Tríú Bille um Rialtas Dúchais.

> Ní de réir na ngnáthrialacha bunreachtúla a bheimid ag cur in éadan an Bhille seo. Tá rudaí ar an saol seo is láidre ná tromlach i bparlaimint. Dá ndéanfaí iarracht deireadh a chur le cearta Aontachtaithe Uladh – mar chuid de mhargadh suarach na parlaiminte – bheadh an ceart acu cur in éadan iarracht mar seo ar dhóigh ar bith ar feadh a gcumais, fórsa san áireamh. Má dhéantar a leithéid d’iarracht, ní féidir liom smaoineamh ar fhrithbheartaíocht ar bith a dhéanfadh muintir Uladh nach mbeinn féin sásta tacú léi agus nach mbeadh, dar liom, tromlach ollmhór de mhuintir na Breataine sásta tacú léi.

**Foinse 2**

Sliocht as óráid le Sir Edward Carson, ceannaire Aontachtaithe Uladh, do Theach na dTeachtaí, 11 Feabhra 1914. Tá sé ag caint faoin Tríú Bille um Rialtas Dúchais.

> Tá muintir Uladh chun tosaigh sa chonspóid seo, díreach de thairbhe go bhfuil lámh láidir ag muintir Uladh. Ina dhiaidh sin, tá Aontachtaithe ann i ndeisceart agus in iarthar na hÉireann ar fuath leo an Bille seo a oiread linn féin, agus a bheadh réidh dul sa troid, mar a bheadh muintir Uladh réidh, ach go leor acu a bheith ann. Ní thig linn tacaíocht a thabhairt choíche do Bhille a fhágann go dtiocfadh leis na hAontachtaithe seo a theacht faoi riail an deargnamhad lá amach anseo. Caithfimid seasamh in éadan Rialtas Dúchais go deireadh. Ba mhaith liom labhairt go sonrach, áfach, faoi Ulaidh a fhágáil amach as Rialtas Dúchais. Dar liom féin, dá bhfágfaí Ulaidh amach, ní chuirfeadh sé in éadan bhunphrionsabail an Bhille. Ach má dhéanann an rialtas iarracht brú a chur ar Aontachtaithe Uladh a bheith páirteach i bparlaimint i mBaile Átha Cliath, tabharfaidh mé tacaíocht do na daoine seo agus dá gcomhrac go deireadh.

www.xtrapapers.com

**Foinse 3**

Sliocht as R. Rees, *Ireland 1905–1923*, arna fhoilsiú in 1998. Tá Rees ag caint faoin toradh a bhí ar ghéarchéim an Rialtais Dúchais nuair a bhris an Chéad Chogadh Dhomhanda amach i Lúnasa 1914.

> Ba é an chéad chuspóir a bhí ag Carson an cur in éadan in Ulaidh a úsáid le Rialtas Dúchais a scriosadh. Chuir sé é seo ar leataobh, áfach, agus ba é an cuspóir a bhí ansin aige, sé chontae in Ulaidh a fhágáil amach as Rialtas Dúchais. Ba é dearcadh Carson nár chóir foréigean a chur san áireamh ach mar rogha dheiridh. D'fhéadfadh sé tarlú san am sin go dtiocfadh ceannasaí níos antoiscí chun tosaigh, duine nach mbeadh chomh drogallach céanna dul i mbun foréigin le hUlaidh a choinneáil slán ar Rialtas Dúchais. D'fhágfadh sé seo go mbeadh Bonar Law i gcruachás ceart. Bheadh sé féin sásta tacaíocht a thabhairt do chomhrac airm, ach ní fhéadfadh sé a bheith cinnte de go mbeadh an páirtí sásta é seo a dhéanamh. Mar gheall ar Cheannairc an Churraigh agus scoilteanna sa chomhaireacht, is ar éigean a bheadh na Liobrálaigh sásta fórsa a úsáid in éadan Aontachtaithe Uladh. Cé go raibh Bonar Law ag iarraidh sé chontae in Ulaidh a choinneáil slán ar Rialtas Dúchais, bhí drogall ar chuid mhór Cóiméadach sinsearach na hAontachtaithe sa deisceart a thréigean. Murab ionann agus na Liobrálaigh, áfach, nach raibh chomh láidir céanna de dheasca na géarchéime, bhí na Coimeádaigh i ndiaidh buntáistí a bhaint amach sa pholaitíocht cionn is go raibh tacaíocht á tabhairt acu d'fhrithbheartaíocht Aontachtaithe Uladh.

1 (a) **Bain úsáid as na foinsí uilig agus as do chuid eolais féin maidir leis an tréimhse seo.** Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar chur in éadan an Rialtais Dúchais sa tréimhse 1912–1914? [15]

(b) **Úsáid na foinsí uilig agus aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.** Na daoine uilig sin a bhí ag cur in éadan Rialtais Dúchais suas go dtí Meán Fómhair 1914, cá mhéad tacaíochta atá sna foinsí don dearcadh gurbh í Ulaidh féin ba mhó ba chás leo? [20]

www.xtrapapers.com

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Is é tionchar an Chéad Chogaidh Dhomhanda ar pholaitíocht na hÉireann an chúis ba thábhachtaí le hÉirí Amach na Cásca 1916." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo, dar leat? Le tacú leis an fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe ó thréimhsí eile ina dhiaidh sin. [35]

**Nó**

**(b)** "Cé gur fhág an tAcht um Rialú na hÉireann 1920 go raibh Rialtas na Breataine in ann a chuid spriocanna a chur i gcrích, níor éirigh leis an Acht céanna, áfach, aon ghrúpa polaitíochta ar bith in Éirinn a shásamh." Cén fhírinne atá sa ráiteas sin, dar leat? Le tacú leis an fhreagra, bain úsáid as fianaise ábhartha ar a ndearna tú staidéar, ar a n-áirítear léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe ó thréimhsí eile ina dhiaidh sin. [35]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.